

IARFHOCAL: AN TARRAINGT SIAR MAR GHNÍOMH RÉABHLÓIDEACH

Táim an-bhuíoch do Mhicheál Mac Craith a chuir de stró air féin na scribhinní seo a thabhairt le chéile agus an t-airgead a bhailiú chun an leabhrán seo a chur i gcló. Go raibh toradh flúirseach ar a shaothar agus go bhfagha sé a chúiteamh sa toradh sin!

Is léir dom ar athléamh na scribhinní seo dom go bhfuil sruth bunúsach amháin ag rith tríothu go léir. Is féidir an sruth sin a ainmniú mar seo: *an tarraingt siar mar ghníomh réabhlóideach*.

Seo ré an tarraingt siar agus cúis mhaith leis sin. Nuair tharraing Jack Dowling agus Lelia Doolan siar ó Thelefis Éireann d'fhoilsigh *Hibernia* litir oscailte uathu ag míniú cén fáth. Ní údarás bhí os a gcionn i dTelefis Éireann, dúirt siad, ach cumhacht amháin — glanchumhacht. Scríobh siad: "An chumhacht sin cumas comhéignithe; ach is ceart ar umhlaocht é an t-údarás. Cuirtear cumhacht i bhfeidhm ar dhaoir, údarás ar dhaoine saora." Mhínigh siad gur rud é an t-údarás a mbíonn na daoine faoin a réim páir-teach ann. Dá réir sin bíonn an t-údarás *daonna*. Ach bíonn an glanchumhacht neamhdhaonna, frithdhaonna, eachtrannach don duine.

Níl i dTelefis Éireann ach miocracasm den aois agus den gcóras cumhachta atá i bhfeidhm inti. "Géirchéim údaráis" is bun leis an tarraingt siar go léir. Tá saol na haoise seo, agus gach foras a bhaincann leis, i ngréim ag cumhacht fhrithdhaonna nach ionann ar chor ar bith é agus an t-údarás. Sin é an fáth gur rud coitianta é lucht oibre, pobail choillíneacha, feirmeoirí, micléinn, sagairt agus díormaí polaitiúla bheith ag "diúltú aitheantais" do "na húdaráis" os a gcionn. Ar mothú dóibh nach é an t-údarás go fíor atá i bhfeidhm orthu ach an chumhacht in éagmais údaráis, "tarraingíonn siad siar" amhail daoine ag teagmháil le rud uafar eachtrannach.

Ní mór tarraingt siar — ach é dhéanamh i gceart. Mar adeir Philip McShane, Iosánach: "There is need for withdrawal, but a withdrawal which is a faithful, thinking withdrawal. It is not a withdrawal from the world and its meaning: for precisely to reach the meaning of the world is the reason for the withdrawal. But it is a withdrawal from the continual noise of news and views which parades daily as meaning, pressing for our attention to the point of addiction. It is only in the context of such a withdrawal that the deeper answers we seek can emerge."

"*Such a withdrawal . . .*" Is féidir don tarraingt siar bheith tábhachtach nó gan tábhacht ar bith, seasc nó torthúil. Is é an toradh gur *féidir* bheith uirthi ná réabhlóid. Ciallaíonn réabhlóid údarás in áit na cumhachta agus athrú dá réir sin san aois: pobal saor i gceannas ar an saol in áit slua neamhdhaoine ag fulaingt faoin a smacht — aois nua. Sin é an chuspóir a bhí agus atá ag gach gluaiseacht fhíorréabhlóideach sa bhfichiú céad. Ach de ghnáth

ní eascraíonn gluaiseacht réabhlóideach as an tarraingt siar. Chun go dtiocfadh a leithéid de ghluaiseacht aisti agus go ndéanfaí gníomh réabhlóideach di, ní mór don tarraingt siar bheith *iomlán*; agus de ghnáth ní bhíonn sí iomlán. Dá bhri sin is gnáthach don tarraingt siar inniu bheith seasc: ní bhunaíonn sí an t-údarás athuair, ní athraíonn sí tada go fíor.

Cén chaoi a ndéantar tarraingt siar iomlán? Is í an cheannchathair nó an “mheitreapóil,” nach ionann í uaireanta agus an phríomhchathair pholaitiúil, príomhláthair an tarraingt siar — agus cúis mhaith leis sin. Is í an cheannchathair lárionad an chóras cumhachta gan údarás: “*capital*” an chaipitil, ar nós Nua Eabhrac sna Stáit Aontaithe inniu nó Sianghai sa Sin roimh theacht i réim na gCumannaithe. Dá bhri sin, gach gluaiseacht fhiorréabhlóideach sa bhfichiú céad is tarraingt siar i ón gceannchathair go dtí a *malairt ar fad*: pobal tuaithe “iargúlta” atá ag fulaingt bhrú iomlán na cumhachta. Lorgaíonn sí buntaca don údarás sa bpobal seo gur oibiacht absalóideach na cumhachta é — i nGaeltacht Chonamara (1893-1916), i sléibhte Chiangsí agus Seinsí (1927-48) nó i sléibhte Oriente Chúba ina dhiaidh sin arís. Téann sí ar scoil ansin chois chlaí i bhfad ón Ollscoil, mar dhalta agus mar mhúinteoir. (Rinne Dia féin amhlaidh nuair athbhunaigh sé an t-údarás sa saol mar Íosa Críost, ní i gceannchathair na Róimhe ach sa bPailstín suarach imeasc an phobail ba isle céim. Fiú sa bPailistín ionchollaíodh an t-údarás réabhlóideach sin i dtosach ní in Iarúsailéim ach i bpobal tuaithe na Gaililí.

Tá ciall leis an tarraingt siar spásúil seo. Is amhlaidh go bhfuil córas cosanta an-éifeachtach ag an gceannchathair ar an tarraingt siar *fad is a shianann sí laistigh den gceannchathair*. Súitear isteach sa “gcóras” í. Féach, bíonn na ceannchathracha caipitliocha lán i gcónaí de dhaoine atá taréis “tarraingt siar” go callánach, daoine atá ag “diúltú urrama” do “na húdaráis” agus ag “déanamh agóide” i gcoinne seo nó siúd agus ag “cáineadh” chuile rud. Éist le Duibhlinn! Tá áit sa gceannchathair chaipitlioch do na daoine seo mar atá áit don bhfreasúra sa bparlaimint bhuirgéisach. Déantar *institutionalised rebels* agus scannáin teilifíse diobh; déantar *celebrities* diobh go minic. Ní bheadh ollmheáin chumarsáide na ceannchathrach beo gan iad. Is samplaí steillebheathacha iad den “saoirse” a chuireann an cheannchathair ar fáil. Agus dá bhri sin go díreach tá siad *frithréabhlóideach*.

An “tarraingt siar” a shianann sa gceannchathair, níl toradh i ndán di: ar nós “tarraingt siar” shioraí ghluaiseacht na Gaeilge i nDuibhlinn nó tarraingt siar an *choitus interruptus*, tá sí seasc. Ní ghineann sí beatha ná pobal.

Chun go mbeadh an tarraingt siar ina gníomh iomlán, agus dá bhri sin réabhlóideach, ní leor tarraingt siar ó fhoras amháin ná ó ghné amháin (an “ghné chultúrtha,” abraimís) de chóras cumhachta na ceannchathrach. Ní mór tarraingt siar ón gcóras ina iomláine. Fiú ansin, mura bhfuil ann ach an tarraingt siar sin na *tola* a fhágann an *intinn* dírithe fós ar an gcóras glanchumhachta, ní leor í. Sin í an cineál nach ndéanann ach agóid agus

cáineadh, ag tabhairt aghaidh di fós ar an gcumhacht eachtrannach agus cúl ar na daoine gan chumhacht mar a bhfuil an bhunobair réabhlóideach le déanamh. Agus arís an tarraingt siar intinneach, ní gníomh iomlán í; mar is corp é an duine freisin. Ní mór an gníomh a chomhlíonadh tríd an tarraingt siar spásúil chorpartha go dtí an chuid sin den saol nó den tír gur déine brú na glanchumhachta uirthi. Ansin amháin, i bhfolamhas na cumhachta coimhthí, is féidir an t-údarás a athbhunú ar dhaoine, agus ar dhúchas daonna sin an phobail atá ionchollaithe ina stair “roimh an ngábháltas.”

Theich Mao-tse-tung ó Shianghai go sléibhte Chiangsí taréis bhriseadh ar na Cumannaithe sa gceannchathair, agus bhunaigh sé a chéad Phoblacht Sóibhéideach ansin imeasc an lucht tuaithe. Theich Castro agus Guevara ó Havana go sléibhte Oriente agus bhunaigh siad a neart ansin. Ní féidir don tarraingt siar réabhlóideach an t-údarás a athfhréamhú sa bpobal ach amháin in áit inar féidir léi bheith ag obair ar a coiníollacha féin — ní ar choiníollacha ná i dtéarmaí na ceannathrach. Agus nuair bhíonn an t-údarás athbhunaithe ar an gcuma seo, tá sé faoi gheasa gan cur faoi sa gceannchathair ach é féin a lonnú san áit ina raibh an t-údarás dúchasach roimh éirí suas don nglanchumhacht choimhthíoch: i Moscú in ionad St. Petersburg, i bPeking in ionad Shianghai, faoin dtuaithe in áit i Havana. (I dtír óg choilíneach mar Chúba, nach bhfuil “stair roimh an ngábháltas” aici, níl “cathair na seanríthe” ar fáil — níl ar fáil ach an tuaithe).

An t-athlonnú seo is ionchollú buan é den tarraingt siar réabhlóideach i dtéarmaí ábharga an spáis agus i dtéarmaí daonna na staire. Ní chiallaíonn an t-athlonnú ann féin go bhfuil an t-údarás bunaithe arís in áit na cumhachta — go bhfuil an tarraingt siar réabhlóideach tagtha chun a toraidh chirt. Ach ní féidir don údarás ná don bpobal nua bheith ann dá uireasa.

Cá bhfuil an brú is déine, folamhas na cumhachta, le fáil in Éirinn? Ní sa gcathair ach faoin dtuaithe; ní san Oirthear ach san Iarthar. Tá an brú is mó le fáil i gConnachta: réigiún láir an Iarthair agus an réigiún is lú daoine i mbailte. Cá bhfuil an brú is déine le fáil i gConnachta? Ní sna bailte ach faoin dtuaithe; ní i gceantar Béarla ach i gceantar Gaeilge. Tá sé le fáil in Iarchonnachta; an limistéar Gaeilge is mó agus gan baile mór ar bith ann.

Ní amháin go bhfuil brú agus mealladh *tri* cheannchathair ag tabhairt ar mhuintir Iarchonnacht gan bheith ann: tá an brú agus an mealladh céanna ag tabhairt orthu freisin a dteanga agus a gcultúr ársa a thréigint. Ní déine brú ná sin. Breathnaíonn an chathair síos ar an dtuaithe, an tOirthear síos ar an Iarthar agus ar Chonnachta go sonrach. Breathnaíonn Connachta síos ar Chonamara agus Conamara síos ar Iarchonnachta. In Iarchonnachta atá *the lowest of the low*, fophrolatáireacht na hÉireann agus na n-oileán seo, pointe niallais na cumhachta, dóchas an athruithe iomláin agus na hiocshláinte do Dhuibhlinn agus dá lucht leanúna, Gailili ár Róimhe impiriúla.

Tharraing Conradh na Gaeilge siar ó chóras frithdhaonna Dhuibhlinne agus na Páilte i dtús an chéid seo chun filleadh ar dhaonnacht in Iarchon-
nachta agus sna Gaeltachtaí eile. Lean an ghluaiseacht liteartha siar é. Ach
bhíodar araon ar laethe saoire thiar; bhí cónaí fós orthu sa gceannchathair.
(Thugadar sampla a leanfaí). D'eascair gluaiseacht réabhlóideach pholaitiúil
as an leaththarraingt siar seo. Bhailigh sí cumhacht mhórálta "imeasc na
ndaoinne" thiar. Chuaigh sí ar scoil acu ach níor mhúin sí iad. Níor lonnigh
sí ann agus níor bhunaigh sí a neart ansin.

Chas sí ar shraideanna Dhuibhlinne Cáisc 1916 agus thosaigh iarracht
chun an t-údarás a athbhunú i lárionad na glanchumhachta. Ní nach íona,
mhair an chumhacht choimhthíoch sin agus neartaigh uirthi faoi éadaigh
uaine. Bhí rún an tarraingt siar úd ceart, ach ní raibh sí féin domhain ná
corpartha ná buan go leor. Ní raibh inti ach iarracht de réabhlóid — nó an
chéad mhír, is cirte a rá, mar d'fhág sí treoir chinnte faoin a comhlíonadh
don té a bhfuil tuiscint aige.

Treisiúnn iarrachtaí réabhlóideacha eile na linne seo leis an treoir agus
an tuiscint sin. Níor athraigh ceann ar bith acu an aois: tá an tseanaois fós
ann agus a glanchumhacht choimhthíoch i bhfeidhm. Ach tá rún an athruithe
— rún na haoise nua — le haithint iontu ag Críostaí ar bith. Ciallaíonn "an
réabhlóid a thabhairt chun críche" *tarraingt siar go hiomlán agus maireach-
táil "thiar."*

Teastaíonn Gaililí agus Ciangsi uainn: biodh siad againn in Iarchon-
nachta. Teastaíonn filleadh ar ár ndúchas daonna uainn: fillimis air anseo.
Teastaíonn údarás uainn in áit ghlananchumhacht na ceannchathrach: cruth-
aimis anseo é mar chéadchéim de chóras rialtais réigiúnach agus ceantrach
a bhrisfeas monaplacht na ceannchathrach fiú amháin i "mbailte" subuir-
beacha na ceannchathrach féin. Teastaíonn príomhchathair don údarás ath-
bhunaithe uainn a chuirfeas ré na cumhachta coimhthí ar cheal. Tógaimis
trí Ghaeilge i dTuaim Ruairí Uí Chonchúir í.

I bhfocal amháin: más mian libh an aois a athrú, *tarraingigi siar!*

D. F.

Muighinis

29 Meitheamh 1969